## Bileog 2.6A

**Plé**
An bhfuil aon chur amach agat ar an scéal béaloidis *Clann Lir*? Déan plé ar an scéal leis an duine in aice leat ag úsáid na bhfocal thíos le cuidiú libh.



| **Na Carachtair** | **Gluais** |
|---|---|
| Tuatha Dé Danann | ealaí - swans |
| Lir | tinneas clainne – child labour |
| Aoibhe | fás aníos – growing up |
| Aoife | éadmhar – jealous |

Seo achoimre ar an scéal. Tá bearnaí agatsa san alt agus tá an t-eolas a théann sna bearnaí sin ag duine B. Léigí an t-alt le chéile – léifidh duine A an chéad alt agus duine B an dara halt leis na bearnaí a líonadh.

**A** (Léifidh tusa an t-alt seo).

Fadó in Éirinn bhíodh clann i réim sa tír darb ainm Tuatha Dé Danann. Ba é Lir dia na farraige agus bhí sé pósta ar bhean darb ainm Aoibh. Rugadh ceathrar leanaí áille ar an bheirt. Bhí an bheirt is sine, Fionnuala agus Aodh, ag snámh i loch beag nuair a fuair siad scéala go raibh a n-athair á n-iarraidh agus drochscéal aige. Fuair a máthair bás le linn tinneas clainne ach rugadh cúpla, Fiachra agus Conn, di. Dúirt Lir leis na páistí is sine go raibh orthu aire a thabhairt do na deartháireacha is óige.

**B** (Léifidh an duine eile an t-alt seo).

Phós Lir ________________ go luath ina dhiaidh sin. Aoife an t-ainm a bhí uirthi. Shíl sé go raibh sé tábhachtach ________________ ag na páistí agus iad ag fás aníos. Bhí Aoife den tuairim áfach, go raibh níos mó grá ag Lir dá chuid páistí ná di féin agus d'éirigh sí an-éadmhar. Tar éis ________________ bhain Aoife úsáid as clóca Lir agus mar sin a chuid draíochta leis na páistí a iompú isteach sna healaí ________________ agus is galánta in Éirinn. Dúirt sí leis na páistí go mbeadh siad ina n-ealaí ar feadh naoi gcéad bliain.

© Ollscoil Mhá Nuad

## Bileog 2.6B

**Plé**
An bhfuil aon chur amach agat ar an scéal béaloidis *Clann Lir*? Déan plé faoin scéal leis an duine in aice leat ag úsáid na bhfocal thíos le cuidiú libh.



| **Na Carachtair** | **Gluais** |
|---|---|
| Tuatha Dé Danann | ealaí - swans |
| Lir | tinneas clainne – child labour |
| Aoibhe | fás aníos – growing up |
| Aoife | éadmhar – jealous |

Seo achoimre ar an scéal. Tá bearnaí agatsa san alt agus tá an t-eolas a théann sna bearnaí sin ag A. Léigí an t-alt le chéile – léifidh duine A an chéad alt agus duine B an dara halt leis na bearnaí a líonadh.

**A** (Léifidh an duine eile an t-alt seo)

Fadó in Éirinn bhíodh ________________ i réim sa tír darb ainm Tuatha Dé Danann. Ba é Lir dia na farraige agus bhí sé ________________ darb ainm Aoibh. Rugadh ceathrar leanaí áille ar an bheirt. Bhí an bheirt is sine, Fionnuala agus Aodh, ag snámh i loch beag nuair a fuair siad scéala go raibh ________________ á n-iarraidh agus drochscéal aige. Fuair a máthair bás le linn tinneas clainne, ach rugadh cúpla, Fiachra agus Conn, di. Dúirt Lir leis na páistí is sine go raibh orthu aire a thabhairt do na ________________.

**B** (Léifidh tusa an t-alt seo)

Phós Lir deirfiúr Aoibhe go luath ina dhiaidh sin. Aoife an t-ainm a bhí uirthi. Shíl sé go raibh sé tábhachtach máthair a bheith ag na páistí agus iad ag fás aníos. Bhí Aoife den tuairim áfach, go raibh níos mó grá ag Lir dá chuid páistí ná di féin agus d'éirigh sí an-éadmhar. Tar éis cúpla bliain bhain Aoife úsáid as clóca Lir agus mar sin a chuid draíochta, leis na páistí a iompú isteach sna healaí is áille agus is galánta in Éirinn. Dúirt sí leis na páistí go mbeadh siad ina n-ealaí ar feadh naoi gcéad bliain.

© Ollscoil Mhá Nuad